Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**8003/18**

**EF 111**
**ECOFIN 320**
**UEM 108**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2017 dar teideal "*Single Resolution Board: Work on a challenging Banking Union task started, but still a long way to go*" [An Bord Réitigh Aonair: Tús curtha le hobair dhúshlánach an Aontais Baincéireachta, ach bealach fada fós le siúl], agus maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2018 dar teideal "*The operational efficiency of the ECB's crisis management for banks*" [Éifeachtúlacht oibríochtúil bhainistíocht ghéarchéime BCE do na bainc].<br>- Conclúidí ón gComhairle (12 Aibreán 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2017 dar teideal "*Single Resolution Board: Work on a challenging Banking Union task started, but still a long way to go*" [An Bord Réitigh Aonair: Tús curtha le hobair dhúshlánach an Aontais Baincéireachta, ach bealach fada fós le siúl], agus maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2018 dar teideal "*The operational efficiency of the ECB's crisis management for banks*" [Éifeachtúlacht oibríochtúil bhainistíocht ghéarchéime BCE do na bainc], arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3611ú cruinniú dá cuid, ar an 12 Aibreán 2018.

**IARSCRÍBHINN**

***CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE***

***maidir le***

***Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2017 dar teideal "Single Resolution Board: Work on a challenging Banking Union task started, but still a long way to go" [An Bord Réitigh Aonair: Tús curtha le hobair dhúshlánach an Aontais Baincéireachta, ach bealach fada fós le siúl]***

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "*Single Resolution Board: Work on a challenging Banking Union task started, but still a long way to go*" [An Bord Réitigh Aonair: Tús curtha le hobair dhúshlánach an Aontais Baincéireachta, ach bealach fada fós le siúl];

2. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag an mBord Réitigh Aonair (BRA), mar aon le húdaráis ábhartha na mBallstát, faoi chuimsiú an tSásra Réitigh Aonair (SRA) mar ghné bhunriachtanach den aontas baincéireachta;

3. AITHNÍONN SÍ an obair shuntasach atá déanta ag BRA, le linn tráthchlár dúshlánach, agus creat SRA á bhunú, chun tionchar agus iarmhairtí diúltacha a eascraíonn as cliseadh banc atá díchobhsaitheacha agus suaiteacha a laghdú a oiread is féidir, d'fhonn costais fhioscacha a theorannú agus cobhsaíocht airgeadais a threisiú;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar maith a bhí idir BRA agus an Chúirt. Mar sin féin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh an Chúirt in ann teacht ar chonclúidí a raibh taighde mhaith déanta ina leith, cé nár cuireadh ar fáil an doiciméadacht uile a iarradh, agus go raibh raibh teorainn leis an raon feidhme i roinnt réimsí;

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh dúshlán suntasach i gceist le bunú agus oibriú BRA, mar a tugadh chun suntais i dTuarascáil Speisialta na Cúirte, go háirithe i réimsí a bhaineann le hacmhainní daonna, ullmhúcháin agus tosaíochtaí do na pleananna réitigh, rialacha agus treoir a bhunú maidir le réiteach, tascanna agus freagrachtaí a roinnt leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, an creat comhair le BCE agus an creat reachtach; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go gcuirfidh BRA an phleanáil réitigh do na bainc atá faoina shainchúram i gcrích agus go ndéanfaidh sé a chóras rialacha maidir le pleanáil réitigh, mar aon lena lámhleabhar agus lena threoir maidir le pleanáil réitigh a thabhairt chun críche;

6. CUIREANN SÍ I dTREIS freagracht BRA as feidhmiú éifeachtach comhsheasmhach SRA a áirithiú, nuair a bhíonn gá le dlúthchomhar idir BRA, na húdaráis náisiúnta ábhartha, BCE, an Coimisiún agus an Chomhairle; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS, go háirithe, gur gá leanúint ar aghaidh leis an obair atá ar siúl faoi láthair maidir le feabhsuithe ábhartha ar infhaighteacht agus ar shreabhadh na faisnéise laistigh de BCE, faoi chuimsiú an mheabhráin tuisceana a bunaíodh idir BRA agus BCE maidir le comhar agus malartú faisnéise;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI malartú faisnéise tráthúil éifeachtach idir BRA, an Coimisiún agus an Chomhairle, chun leanúint le comhar cuiditheach agus chun cur ar chumas na n-institiúidí comhfhreagracha a sainorduithe a chomhlíonadh i gcomhthéacs creat SRA;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freagra BRA maidir le torthaí na Cúirte arna gcur i láthair sa Tuarascáil Speisialta. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac BRA, a bheag nó a mhór, le moltaí na Cúirte agus go bhfuil sé ráite aige gur ghlac sé céimeanna suntasacha cheana féin chun dul i ngleic leis na heasnaimh a d'aithin an Chúirt; agus IARRANN SÍ ar BRA iad a thabhairt ar aghaidh agus tuarascáil a chur chuig an gComhairle ar bhonn tréimhsiúil maidir lena gcur chun feidhme;

9. IARRANN SÍ ar BRA a léiriú sa tuarascáil bhliantúil uaidh na céimeanna nithiúla atá glactha aige nó a ghlacfaidh sé chun an moladh a leagtar amach i dTuarascáil Speisialta Uimh. 23/2017 ón gCúirt a chur chun feidhme.

***CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE***

***maidir le***

***Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2018 dar teideal "The operational efficiency of the ECB's crisis management for banks" [Éifeachtúlacht oibríochtúil bhainistíocht ghéarchéime BCE do na bainc]***

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "*The operational efficiency of the ECB's crisis management for banks*" [Éifeachtúlacht oibríochtúil bhainistíocht ghéarchéime BCE do na bainc];

2. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA) ina ghné ríthábhachtach den Aontas Baincéireachta, lena n-áirítear an creat maidir le bainistíocht ghéarchéime banc;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freagraí BCE ar na torthaí ón gCúirt mar a leagtar amach iad sa Tuarascáil Speisialta, chomh maith leis an leibhéal comhair, a bhí go maith tríd is tríd, a bhí idir BCE agus an Chúirt; IS OTH LÉI, áfach, nach bhfuil siad ar aon fhocal maidir le rochtain a thabhairt ar fhaisnéis áirithe a mheas an Chúirt a bheith riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochtúil bhainistíocht ghéarchéime BCE, agus í ag gníomhú ina fheidhm mhaoirseachta;

4. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé rochtain a thabhairt don Chúirt Iniúchóirí ar na doiciméid agus an fhaisnéis uile a theastaítear chun a cuid dualgas a dhéanamh, chun leibhéal iomchuí cuntasachta a áirithiú do BCE;

5. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil BCE freagrach as feidhmiú éifeachtach comhsheasmhach SMA, agus AITHNÍONN SÍ go raibh na socruithe a cuireadh chun feidhme chun críocha bainistíocht ghéarchéime banc éifeachtach agus gur cheart iad a fhágáil mar atá siad faoi láthair. D'ainneoin an mhéid sin, AITHNÍONN SÍ, i bhfianaise thorthaí na Cúirte, gur cheart do BCE a thuilleadh a dhéanamh chun na socruithe sin a fheabhsú;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, go háirithe, moltaí na Cúirte gur cheart do BCE feabhas a chur ar chomhar le gníomhaithe seachtracha agus ar a threoir agus a bhainistíocht inmheánach ar roinnt príomhábhar agus ábhair shonraithe eile maidir le pleanáil téarnaimh, aithint géarchéime agus freagairt do ghéarchéimeanna;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go nglacann BCE le formhór na moltaí ón gCúirt; agus IARRANN SÍ ar BCE iad a thabhairt ar aghaidh agus tuarascáil a chur chuig an gComhairle ar bhonn tréimhsiúil maidir lena gcur chun feidhme;

8. Chun na críche sin, IARRANN SÍ ar BCE a léiriú sa tuarascáil bhliantúil uaidh na céimeanna nithiúla atá glactha aige nó a ghlacfaidh sé chun na moltaí a leagtar amach i dTuarascáil Speisialta Uimh. 2/2018 ón gCúirt a chur chun feidhme.